CÁRTAÍ SCILE

An Pas Láimhe

Bunscil é an pas láímhe chun pas gairid a thabhairt

Teicníc

Is é atá i gceist an liathróid, atá leagtha ar lámh amháin, a bhualadh leis an lámh (oscailte) eile

Lámha

An lámh faoin liathróid ag airde do choime

Úsáid an lámh oscailte agus buail le barra na méara den chuid is mó

Bíodh an leanúint i dtreo an phasa

Cloigeann

Bíodh d'aghaidh ar do chomrádaí imeartha

Cosa

Cos chun cinn ar an gceann eile

Glac céim chun cinn agus tú ag bualadh na liathróide



Príomh-phointí

1. Bíodh an liathróid i mbos na láimhe, atá os do chomhair amach, ag airde do choime

   Ná bíodh an lámh atá fuithi ag bogadh

   Tabhair aghaidh ar do chomrádaí chuig a bhfuil an liathróid le seoladh

2. Buail an liathróid, ag baint lánúsáide as barra na méara

   Leanadh an lámh bhuailte uirthi i dtreo an phas

   Glac céim chun cinn agus tú ag bualadh na liathróide

Botúin Choitianta

Botún 1

☹ Bualadh na liathróide leis an gcuid mhícheart den lámh. Muna mbuailtear le barra na méara is minic nach sroicheann an liathróid ceann cúrsa.

☺ Chun an botún seo a chur ina cheart, bain lánúsáide as barra na méara agus tú ag bualadh na liathróide

Botún 2

☹ Botún a fheictear go minic is ea caitheamh na liathróide.

☺ Tarlaíonn sin nuair nach mbíonn gníomh cinnte buille láimhe i gceist sa bpas láimhe chuig comrádaí

Botún 3

☹ Tagann botún eile nuair nach mbíonn an lámh atá faoin liathróid socair. Sa chás sin is furasta don chéile comhraic seilbh na liathróide a bhaint díot mar nach bhfuil sí faoi smacht go hiomlán agat

☹ Is féidir an liathróid a chur ar seachrán freisin dá bharr

☹ Fágann sé an phasáil níos deacra agus tú ag gluaiseacht

☺ Chun an botún seo a sheachaint, cinntigh go bhfuil an lámh socair faoin liathróid agus go bhfuil greim mhaith agat uirthi